

## Ceacht Cré le Ranganna 1 go dtí 6 'Pota a Chornadh' Gemma Mc Girr

<b><u>Snáth Curaclaim:</u></b>	Cré (Curaclam Amharcealaíona lch. 36, 54, 72)
<b><u>Cuspóir:</u></b>	<i>Potaireacht shimplí cré a dhéanamh (lch. 36)</i> <i>Potaí simplí cré a dhéanamh (lch. 54)</i> <i>Potaireacht agus dealbhóireacht shimplí a dhéanamh (lch. 72)</i>
<b><u>Nasc:</u></b>	<b>Péint agus Dath</b> > Patrún agus rithim a fhionnachtan in ábhair nádúrtha agus saorga agus úsáid chuspóireach a bhaint astu ina chuid/cuid oibre (lch. 50) <i>An gaol atá idir an dóigh a mhothaíonn rudaí agus a ndreach a iniúchadh (lch. 68)</i> <b>Líníocht</b> > Cruth a iniúchadh mar a fheictear é in ábhair nádúrtha agus shaorga agus cruth na scáileanna a theilgean ábhair a thabhairt faoi deara (lch. 30)
<b><u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u></b>	<i>Stair: Luathdhaoine agus Pobail Ársa; Dul i dtaithe ar ghnéithe de shaol na ndaoine seo (lch. 48, 67)</i> <i>Leanúnachas agus Athrú thar Am: Staidéar ar ghnéithe d'fhorbairtí sóisialta, ealaíonta, teicneolaíochta agus eolaíochta thar tréimhsí fada (lch. 71)</i>

### **An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:**

**Ag tosú:** Sula dtosaím rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanaí chun a gcuid samhlaíochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithe lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. Is í samhlaíocht an duine a thóg as na pluaiseanna agus chun na gealaí sinn! Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhlaíocht má ligimid dó! “Dún do shúile agus samhlaigh doras mór. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Sínn amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhlaíocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamh anois, tá ár samhlaíocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dinn!”

**Ábhair Riachtanacha:** Cré potaire  
Cláir adhmaid nó cárta láidir (chun oibriú air)  
Uirlisí cré nó cipíní líreacáin  
Péinteanna póstaer nó acrailic (le maisiú nuair a bhíonn siad tirim)  
Buicéad plaisteach le clúdach teann, nó málaí plaisteacha chun an chré a stóráil

**Spreagadh:** Taispeáin bailiúchán potaí, muigíní, babhlaí nó soithigh chré eile do na leanaí. Lig dóibh iad a láimhseáil agus na cruthanna, na huigeachtaí agus na maisiúcháin a fheiceann siad a phlé. Más féidir taispeáin pictiúir nó sleamhnáin de photaireacht as tíortha agus ó amanna eile dóibh agus spreag na leanaí chun cainte faoina fheiceann siad.

**Gníomhaíocht:** Faoin am seo ba chóir go mbeadh taithí ag na leanaí ar chré agus ar an gcaoi lena láimhseáil. Tabhair am dóibh chun cleachtadh a dhéanamh ar fhadanna/cornaí cré a rolladh, agus iad a choinneáil ag an tiús céanna, tiús a méara. Tosaíonn na leanaí le bonn/leac cré. (Tig leis na leanaí iad seo a rolladh nó a bhrú amach sula dtosaíonn siad ar na cornaí cré a dhéanamh). Leagann siad corna cré ar imeall an bhoinn agus ceanglaíonn siad é trí smúdáil nó scríobadh ar an mbonn lena méar, ionas nach féidir an ceangal a fheiceáil. Leagtar corna eile anuas air sin agus smúdáiltear ar an gcéad cheann é go dtí go mbíonn an ceangal dofheicthe. Ní mór gach corna a smúdáil mar seo agus é á chur air. Chun an cruth atá uathu a choinneáil, nuair atá gach corna á smúdáil ag na leanaí, cabhróidh sé leo an lámh eile a úsáid mar thaca don taobh amuigh den phota. Is féidir an taobh amuigh den

phota a smúdáil nó a fhágáil mar atá sé, ach tá sé an-tábhachtach go mbeadh na cornaí ceangailte go hiomlán ar an taobh istigh nó titfidh siad as a chéile nuair a thriomaítear iad.

D'fhéadfadh go leor iarrachtaí a bheith ag teastáil sula mbíonn na leanaí sásta lena bpotáí. Má fhaigheann siad an t-am chun triail a bhaint as an modh seo, déanfaidh siad cruthanna spéisiúla agus beidh siad in ann iad a mhaisiú, agus uigeacht nó marcanna a chur orthu mar is mian leo.

**Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:**

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Féadfaidh na leanaí a seal a thógáil chun cur síos a dhéanamh ar na potaí atá déanta acu agus conas a mhaisigh siad iad. Spreag na leanaí chun freagairt do photaireacht atá déanta anseo in Éirinn agus do phictiúir de photaí as cultúir eile ar nós potaireacht Moche. Tabhair bríce dearg agus pota bláthanna terracotta nó píosa eile potaireachta isteach agus fiafraigh de na leanaí cén ceann is luachmhaire linn. D'fhéadfaí comhrá spéisiúil a thosú faoi dhearadh agus feidhm, déantar teach de na bricí.....

**Gníomhaíochtaí Breise:**

Is féidir potaí corna a iompú bun os cionn chun nithe spéisiúla a dhéanamh.... má chuirtear píosaí leis cad a dhéanfar as? Má bhaintear píosa as, cad a dhéanfar as? Má chuirtear dhá phota corna le chéile cad is féidir a dhéanamh astu? D'fhéadfadh na leanaí na potaí a cheangal le chéile le sleamhán chun créatúir spéisiúla tríthoiseacha (3-T) a dhéanamh.

**Féidearthachtaí TCF:** [http://www.handsoncrafts.org/vp\\_frame.htm](http://www.handsoncrafts.org/vp_frame.htm)

Suíomh idirghníomhach é seo inar féidir le leanaí pota a chruthú ar líne (tá Shockwave riachtanach).

**An DVD Is Ealaíontóir Mé a úsáid:**

Tugann na cláir *Cré* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag úsáid cré mar mheán chun iad féin a chur in iúl go samhlaíoch.

Ar an rannóg 'An Féidir Leat?' ar an suíomh idirlín *Is Ealaíontóir Mé* (<http://www.iamanartist.ie/clay/>) is féidir pota cré a fheiceáil á thógáil.

**Nóta:**

Fuair mé amach gurbh fhearr sprae plandaí a úsáid chun an chré a choinneáil tais agus na leanaí ag obair. Coinnigh do shleamhán i soitheach aerdhíonach lena úsáid arís. Má tá péinteanna póstaer á n-úsáid chun na potaí a mhaisiú, is féidir iad a phéinteáil le PVA chun bailchríoch snasta a chruthú. Is féidir péinteanna acrailic a úsáid freisin. (Déan cinnte go mbíonn na scuabanna nite go maith sula dtriomaíonn péinteanna acrailic orthu).

**Ealaíontóirí Ábhartha:** Potaireacht Mosse  
Potaireacht Bridge  
Potaireacht Moche

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Foghlaim faoi phobal ársa Moche agus a gcuid potaireachta  
<http://www.museum.upenn.edu/Moche/mocheculture.html>

Is suíomh corraitheach é A Secret History of Clay (Ollscoil Liverpool) do leanaí agus do mhúinteoirí araon. Scrúdaíonn sé úsáid chré san ealaíon nua-aimseartha agus chomhaimseartha agus tá saothair ealaíne ann ó Gaugin go Gormley

<http://www.tate.org.uk/liverpool/exhibitions/historyofclay/default.htm>

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga  
<http://www.scoilnet.ie>